



Imlitir 0032/2017

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna,  
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus chuig  
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oilúna**

**Bearta atá le glacadh ag scoileanna d'fhonn costas éidí scoile agus costais eile a laghdú**

**Réamhrá**

Tá cinneadh déanta ag an Aire Oideachais agus Scileanna bearta a fhoilsiú atá le glacadh ag scoileanna d'fhonn costas éidí scoile agus costais eile a laghdú. Measann an tAire gur gá níos mó béime a chur ar chostas éidí scoile agus costais eile a laghdú.

**Bearta atá le glacadh ag scoileanna d'fhonn costas éidí scoile agus costais eile a laghdú**

Iarrann an tAire ar údaráis scoile na bearta seo a leanas a ghlacadh chun costas éidí scoile agus costais eile a laghdú.

***Prionsabail um chleachtas atá éifeachtach ó thaobh costais a bhfuil le glacadh leo***

1. Ba chóir d'údaráis scoile glacadh leis na prionsabail seo a leanas atá éifeachtach ó thaobh costais de. Cuirfidh siad níos mó béime ar chostas éidí scoile agus costais eile a laghdú:
  - (a) Ba chóir gach cuid d'éide scoile a bheith le ceannach ó shiopaí éagsúla;
  - (b) Níor chóir ach suaitheantais ar féidir iad a iarnáil air nó a fhuáil air a úsáid;
  - (c) Am ar bith is féidir, ba chóir earraí cineálacha seachas earraí brandáilte a shonrú (m. sh. éide, éadaí, táibléid TF, trealamh spóirt srl..)
  - (d) Cuir liosta de na hearraí riachtanacha uile ar fáil do thuismitheoirí agus cuir in iúl an costas ar dócha a mbeidh ar na hearraí riachtanacha seo sna siopaí is fearr luacha;
  - (e) Cuir scéim iasachta leabhar ar fáil;
  - (f) Deireadh a chur le húsáid téacsleabhar, nach féidir a athúsáid, idir anois agus Meán Fómhair 2018 agus
  - (g) Má tá socrú soláthair eisiach i bhfeidhm ba chóir tairiscintí a lorg go rialta.

### ***Dul i gcomhairle le tuismitheoirí***

2. Ba chóir do scoileanna dul i gcomhairle le tuismitheoirí maidir lena dtuairimí agus moltaí i dtaobh tionscnamh chun costais a laghdú. Ba chóir ceistneoir teimpléadach a phléann na prionsabail um chleachtas atá éifeachtach ó thaobh costais de a sheoladh chuig tuismitheoirí uair amháin i gceann gach trí bliana. Ba chóir don mBord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar chostas na n-earraí siúd a éilítear ar thuismitheoirí a cheannach agus ba chóir an t-eolas seo a chur ar fáil do phobal na scoile.

### ***Scoileanna a chúiteamh as glacadh le prionsabail um chleachtas atá éifeachtach ó thaobh costais de***

3. Cuirtear in iúl do scoileanna go bhfuil ar intinn ag an Aire Oideachais agus Scileanna scoileanna a thugann fianaise go bhfuil glactha acu leis na prionsabail um chleachtas atá éifeachtach ó thaobh costais de a chúiteamh de réir mar atá acmhainní ar fáil. Tá sé i gceist go bhféadfaí sin a dhéanamh trí bhiseach a chur ar dheontais chaipitíochta do scoileanna.

### **Líne ama do chur i ngníomh**

Aithnítear go mb'fhéidir go bhfuil socruithe déanta ag scoileanna maidir le héidí scoile cheana féin i haghaidh Meán Fómhair 2017. Más é sin atá i gceist ba chóir do scoileanna an Imlitir seo a chur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh.

### **Ceisteanna faoin imlitir seo**

Ba chóir ceisteanna faoin imlitir seo a sheoladh trí ríomhphost chuig [plds@education.gov.ie](mailto:plds@education.gov.ie)

### **Scaipeadh na himlitreach**

Ba chóir cóip den imlitir seo a chur ar fáil do bhaill an Bhoird Bhainistíochta. Ba chóir cóip a chur ar fáil do chumann na dtuismitheoirí freisin. Tá teacht ar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag [www.education.ie](http://www.education.ie). Tá leagan Béarla den imlitir seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Tom Deegan

Príomhoifigeach

Rannóg Tuismitheoirí, Foghlaimeoirí agus Bunachar Sonraí

Aibreán 2017